

## N22

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi dheisiú bhóthar an N22. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na focail seo thíos:

1. with regards to
2. upgrade
3. submissions
4. public hearing
5. surface
6. National Roads Authority
7. they don't agree
8. going by
9. ambush site
10. it will ruin
11. character and shape of the place
12. to undertake

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc cúpla uair - an raibh an ceart agaibh? Pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén obair atá ar siúl faoi láthair ar an bhóthar?
2. Cad é an t-uasghrádú atá i gceist?
3. Cén fáth nach bhfuil an bheirt seo sásta faoin togra?  
Máire Ní Laoire agus Domhnal Ó hÉallaithe
4. Cad a bhí le rá ag an dá dhream seo:

**Cork – Kerry Gateway**  
**Údarás um Bóithre Náisiúnta**

**Ceist 4.** 'ag brath'

Cén t-ainm a thugtar ar an ghné seo den ghramadach? Líon na bearnaí sna habairtí seo a leanas leis an ghné chéanna de na briathra atá idir lúibíní.

1. Bhí mé (cuir) \_\_\_\_\_ uisce sa chrúiscín nuair a léim an madra orm agus dhoirt mé é.
2. Tá an t-óstán nua (meall) \_\_\_\_\_ a lán turasóirí chun an bhaile.
3. Níor cheart duit a bheith (caith) \_\_\_\_\_ bruscair mar sin.
4. Nach bhfuil tú (téigh) \_\_\_\_\_ amach anocht?
5. Chuala mé an múinteoir (fógair) \_\_\_\_\_ é sin ar maidin.
6. Ná bí de shíor (freagair) \_\_\_\_\_ na gceisteanna, tabhair seans do dhaoine eile.
7. Is breá liom bheith (taistil) \_\_\_\_\_ ar fud an domhain.

**Ceist 5** 'Cathain a bheadh'

Roghnaigh an fhoirm cheart den *aimsir láithreach* de na briathra atá idir lúibíní le cur sna spásanna.

1. Cathain a (oscail) \_\_\_\_\_ an siopa?
2. Conas a (tá) \_\_\_\_\_ tú?
3. Cén chaoi a (tá) \_\_\_\_\_ tú?
4. Céard a (tá) \_\_\_\_\_ á rá agat?
5. Cén fáth a (téigh) \_\_\_\_\_ tú ansin?
6. Cén áit a (ceannaigh) \_\_\_\_\_ sí a cuid éadaí?
7. Cé chomh minic a (ith) \_\_\_\_\_ sé feoil?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil aon suíomh stairiúil sa cheantar ina bhfuil tú féin i do chónaí? Cad é?

Cé acu is tábhachtaí, dar leat, sa chás seo – an cuarbhóthar a thógáil nó an suíomh luíocháin a choimeád? Cén fáth?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. with regards to – *maidir le*
2. upgrade – *uasghrádú*
3. submissions – *aighneachtaí*
4. public hearings – *éisteacht phoiblí*
5. surface – *dromchla*
6. National Roads Authority – *An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta*
7. they don't agree – *níl siad ar aon aigne*
8. going by – *ag dul thar bráid*
9. ambush site – *suíomh luíocháin*
10. it will ruin – *loitfidh sé*
11. character and shape of the place – *cruth agus carachtar na háite*
12. to undertake – *tabhairt faoi*

### Ceist 2

Iarr ar gach beirt ábhar na míre a phlé le chéile.

### Ceist 3

1. Tá obair ar siúl ar an N22 faoi láthair i mBaile Bhuirne agus i mBaile Mhic Íre ag cur bunchloiche agus dromchla nua air.
2. Cuarbhóthar nua do Bhaile Mhaigh Chromtha agus do Bhaile Bhuirne atá i gceist, fiche a dó ciliméadar ar fhad.

#### 3. Máire Ní Laoire, An Muileann

Tá Baile Bhuirne ag brath go huile agus go hiomlán nach mór, ar dhaoine ag gabháil thar bráid. Bímid ag brath ar mhuintir Chorcaí ag dul siar go Ciarraí agus muintir Chiarraí ag dul go Corcaigh. An lá nach mbeidh na daoine ag gabháil thar an doras againn, ní bheidh aon rud le déanamh againn.

#### Domhnal Ó hÉallaithe, Staráí Áitiúil

Tá sé beartaithe ag an NRA an bóthar nua a ardú in airde sé troithe agus fiche sa spéir, sin airde pol teileafóin. Bhuel, má dhéantar sin loitfidh sé cruth na háite agus carachtar na háite ar fad.

4. *Cork-Kerry Gateway*: Dúirt urlabhraí thar ceann an ghrúpa *Cork-Kerry Gateway* go raibh uasghrádú an N22 ríthábhachtach chun poist a choimeád sa réigiún agus chun comhlachtaí nua a mhealladh anseo.

*Údarás um Bóithre Náisiúnta*: Dúirt urlabhraí thar ceann an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nach raibh a fhios acu cathain a bheadh an t-airgead acu chun tabhairt faoi uasghrádú an N22. Ach dúirt sé gur theastaigh uathu an phleanáil cheart a dhéanamh ionas go bhféadfaí tabhairt faoin togra chomh luath agus is féidir.

#### Ceist 4

An t-ainm briathartha

1. Bhí mé **ag cur** uisce sa chrúiscín nuair a léim an madra orm agus dhoirt mé é.
2. Tá an t-óstán nua **ag mealladh** a lán turasóirí chun an bhaile.
3. Níor cheart duit a bheith **ag caitheamh** bruscair mar sin.
4. Nach bhfuil tú **ag dul** amach anocht?
5. Chuala mé an múinteoir **ag fógairt** é sin ar maidin.
6. Ná bí de shíor **ag freagairt** na gceisteanna, tabhair seans do dhaoine eile.
7. Is breá liom bheith **ag taisteal** ar fud an domhain.

#### Ceist 5

An coibhneasta díreach agus indíreach atá ann.

1. Cathain a **osclaíonn** an siopa?
2. Conas **atá** tú?
3. Cén chaoi **a bhfuil** tú?
4. Céard **atá** á rá agat?
5. Cén fáth **a dtéann** tú ansin?
6. Cén áit a **gceannaíonn** sí a cuid éadaí?
7. Cé chomh minic **a itheann** sé feoil?

#### Ceist 6

Plé atá i gceist.

## Eimear Ní Chonaola

Fáilte ar ais. Amárach tá súil a fhógróidh an Bord Pleanála a gcinneadh maidir le huasghrádú ar an N22 i gContae Chorcaí. Rinneadh<sup>i</sup> go leor aighneachtaí in aghaidh an togra ag éisteacht phoiblí i mí na Bealtaine seo caite.

## Grett O'Connor

Tá obair ar siúl ar an N22 faoi láthair i mBaile Bhuirne agus i mBaile Mhic Íre ag cur bunchloiche agus dromchla nua air. Ach ní hé seo an t-uasghrádú atá i gceist ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Cuarbhóthar nua do Bhaile Mhaigh Chromtha agus do Bhaile Bhuirne atá i gceist, fiche dó ciliméadar ar fhad. Dúirt urlabhraí thar ceann an ghrúpa *Cork-Kerry Gateway* go raibh uasghrádú an N22 ríthábhachtach chun poist<sup>ii</sup> a choimeád sa réigiún agus chun comhlachtaí nua a mhealladh anseo. Ach, níl muintir Ghaeltacht Mhúscraí ar aon aigne leo.

## Máire Ní Laoire, An Muileann

Tá Baile Bhuirne ag brath go huile agus go hiomlán nach mór, ar dhaoine<sup>iii</sup> ag gabháil thar bráid. Bímid ag brath ar mhuintir Chorcaí ag dul siar go Ciarraí agus muintir Chiarraí ag dul go Corcaigh. An lá nach mbeidh na daoine ag gabháil thar an doras againn, ní bheidh aon rud le déanamh againn.

## Grett O'Connor

Tá suíomh luíocháin Chúil na Cathrach ar an N22 agus tá staraithe buartha faoina bhfuil i ndán do.

## Domhnal Ó hÉallaithe, Staráí Áitiúil

Tá sé beartaithe ag an NRA an bóthar nua a ardú in airde sé troithe agus fiche sa spéir, sin airde phol teileafóin. Bhuel, má dhéantar<sup>iv</sup> sin, loitfidh sé cruth na háite agus carachtar na háite ar fad.

## Grett O'Connor

Dúirt urlabhraí thar ceann an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nach raibh a fhios acu cathain a bheadh an t-airgead acu chun tabhairt faoi uasghrádú an N22. Ach dúirt sé gur theastaigh uathu an phleanáil cheart<sup>v</sup> a dhéanamh ionas go bhféadfaí tabhairt faoin togra chomh luath agus is féidir. Anseo i nGaeltacht Mhúscraí tá a lán daoine ag súil nach dtiocfaidh an lá sin go deo. Grett O'Connor, Nuacht TG4 i mBaile Mhic Íre i gContae Chorcaí.

---

<sup>i</sup> *deineadh* a deirtear

<sup>ii</sup> *postanna* a deirtear

<sup>iii</sup> *daoine* a deirtear

<sup>iv</sup> *má déantar* a deirtear

<sup>v</sup> *pleanáil ceart* a deirtear